Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 30 Aibreán 2021**
**(OR. en)**

**7809/21**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0098(NLE)**

**WTO 102**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 7808/21 |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle um Ghnéithe de Chearta Maoine Intleachtúla a bhaineann le Trádáil de chuid na hEagraíochta Domhanda Trádála<br>– Glacadh |

1. An 13 Aibreán 2021, chuir an Coimisiún togra faoi bhráid na Comhairle le haghaidh an Chinnidh thuasluaite ón gComhairle (7808/21).

2. Chuathas i gcomhairle i scríbhinn leis an gCoiste um an mBeartas Trádála (Ionadaithe) maidir leis an téacs sin agus d'fhormhuinigh sé an téacs, sa riocht inar modhnaíodh é, chun roinnt coigeartuithe riachtanacha a chur san áireamh.

3. I bhfianaise an mhéid thuas, agus faoi réir daingniú ó Choiste na mBuanionadaithe, iarrtar ar an gComhairle an méid seo a leanas a dhéanamh:

– an Cinneadh ón gComhairle a ghlacadh mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air agus a leagtar amach in 7810/21;

– a thabhairt dá haire go gcuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE, agus go ndéanfar an Cinneadh a tharchur chuig an bParlaimint; agus

– a chinneadh go gcuirfear sna miontuairiscí an ráiteas atá san aguisín a ghabhann leis an nóta seo.